2024/1628

4.7.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 79/2024

an 15 Márta 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1628]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/2010 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le lotnaidicídí, a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) De bhua Chinneadh Uimh. 145/2014 ó Chomhchoiste LEE an 1 Meitheamh 2015, níl feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 24d (Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32021 R 2010**: Rialachán (AE) 2021/2010 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 (IO L 410, 18.11.2021, lch. 4).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2021/2010 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 16 Márta 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Márta 2024.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L 410, 18.11.2021, lch. 4.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.